## Resources Acmhainní

Throughout 2015-16, watch out for exciting resources coming on stream, from military archives and letters written about life in 1916, to lesson plans, digital versions of newspapers and documents, material on cultural objects and a lot more.

I rith 2015-16, bí ag faire amach d'acmhainní spreagúla a bheidh ag teacht chun cinn, ar nós cartlanna míleata agus litreacha scríofa faoin saol in 1916, pleananna do cheachtanna, leaganacha digiteacha de pháipéir nuachta agus doiciméid, ábhar maidir le deantúis chultúrtha agus go leor leor eile.

## Media Na Meáin

Please watch out for special media initiatives showcasing the Ireland 2016 schools programme in the coming months such as shows on RTE Jnr, and dedicated schools inserts in national newspapers including *The Irish Times* and *The Irish Independent.*

Bí ag faire amach do thionscnaimh speisialta meán lena gcuirfear clár scoile Éire 2016 ar taispeáint sna míonna amach romhainn, ar nós seónna ar RTÉ Jnr, agus píosaí ar leith sna páipéir nuachta náisiúnta, lena n-áirítear *The Irish Times* agus *The Irish Independent.*

An Roinn
Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta
Department of
Arts, Heritage and the Gaeltacht

An Roinn Oideachais agus Scileanna | Department of Education and Skills

1916 2016 Clár Comórtha Céad Bliain
*Centenary Programme*



# Competitions and Awards
# Comórtais agus Duaiseanna

The Ireland 2016 Centenary Programme aims to capture the imagination of children and young people across the island of Ireland and to showcase their innovation and creativity. Throughout 2016, there will be a series of special competitions and awards specifically designed to engage young people with the ideas and vision of Ireland 2016, through a range of arts projects.

Tá sé mar aidhm le hÉire 2016: Clár Comórtha Céad Bliain leas a bhaint as samhlaíocht na leanaí agus an aois óig ar fud oileán na hÉireann agus a gcuid nuálaíochta agus cruthaitheachta a chur ar taispeáint. Ó cheann ceann 2016, beidh comórtais agus gradaim speisialta ann a bheidh ceaptha go sonrach le suim dhaoine óga a spreagadh in úsáid a bhaint as raon tionscadal ealaíon chun dul i ngleic le hidéil agus fís Éire 2016.

## Visual Art
## Amharc-Ealaín

**Draw or paint a picture of Ireland in 2116 and your art work could be one of the pieces selected for a special exhibition at the National Gallery of Ireland in September 2016, and win a prize from your local education centre into the bargain.**

Tarraing nó péinteáil pictiúr d'Éirinn sa bhliain 2116 agus d'fhéadfadh go roghnófaí do shaothar ealaíne le haghaidh taispeántas speisialta i nGailearaí Náisiúnta na hÉireann i mí Mheán Fómhair 2016 agus go ndéanfadh RTÉ é a scannánú.

## Drama
## Dráma

**Primary and post-primary schools are invited to write a short drama based around any aspect of the events of 1916, film the performance and submit the short video to RTE. A public vote will be launched to select the best plays, with the winning schools invited to perform them on the stage of the Abbey Theatre in Spring 2016.**

Tugtar cuireadh do bhunscoileanna agus lar-bhunscoileanna dráma gearr a scríobh, bunaithe ar aon ghné d'imeachtaí na bliana 1916, an taibhiú a scannánú agus an físean gearr a sheoladh chuig RTÉ. Seolfar feachtas vótála pobail leis na drámaí is fearr a roghnú, agus tabharfar cuireadh do na buaiteoirí iad a chur ar an stáitse in Amharclann na Mainistreach in earrach 2016.

## History
## Stair

**Are you mad about history? Then this is the project for you. The annual all-island schools' history competition will have a special focus for the centenary year on the events of 1916. Local education centres will also run a range of history competitions for all ages. Check these out at www.ateci.ie and at your local centre.**

An bhfuil tú craiceáilte faoin stair? Má tá, is é seo an tionscadal duitse. Don bhliain chuimhneacháin céad bliain, beidh fócas speisialta ar imeachtaí 1916 i gcomórtas bliantúil uile-oileáin staire na scoileanna. Beidh ionaid oideachais áitiúla ag reáchtáil raon comórtas staire freisin do gach aois. Léigh fúthu seo ag www.ateci.ie agus in d'ionad áitiúil.





In addition, as part of the Ireland 2016 Centenary Programme, young people are invited to record a video of their Proclamation, which will be showcased on the Ireland 2016 YouTube channel. Children will also have the opportunity to showcase their creative talents by designing a special Doodle 4 Google to mark the centenary of 1916, on the theme of *'Ireland is ....'*. The winning Doodle, which will be selected by a special guest judge, will be showcased on the Google home page on Easter Monday, 28th March 2016

Anuas air sin, mar chuid d'Éire 2016: Clár Comórtha Céad Bliain, tá cuireadh á thabhairt do dhaoine óga físeán a dhéanamh dá bhForógra féin, a chuirfear ar taispeáint ar chainéal YouTube Éire 2016. Beidh an deis ag páistí freisin a gcuid cruthaitheachta a léiriú trí Doodle 4 Google speisialta a dhearadh le cuimhneachán céad bliain 1916 a chomóradh, leis an téama *'Is ionann Éire agus....'*. Déanfaidh aoimholtóir speisialta an buaiteoir a roghnú, agus cuirfear an Doodle sin ar taispeáint ar leathanach baile Google Luan Cásca, an 28 Márta 2016.







## Song
## Amhrán

**Have you a long-held dream to sing on the stage of the National Concert Hall? Students in primary and post-primary schools are invited to compose a song inspired by the modern, multi-cultural Ireland of 2016. Two finalists will be invited to perform their compositions on the stage of the NCH in May 2016.**

An mian do chroí é bheith ag canadh ar stáitse an Cheolárais Náisiúnta? Tugtar cuireadh do mhic léinn bunscoile agus iar-bhunscoile amhrán a chumadh bunaithe ar Éire nua-aimseartha ilchultúrtha na linne seo. Tabharfar deis do bheirt a bpíosaí a thaibhiú sa Cheoláras Náisiúnta i mí na Bealtaine 2016.

## Poetry
## Filíocht

***Your Ireland* is the topic for the Libraries and Post-Primary schools 1916 Poetry Competition, while the Poetry Aloud all-island poetry speaking competition is encouraging poems on 1916 themes.**

Is é ábhar an Chomórtais Filíochta 1916 do Leabharlanna agus Iar-bhunscoileanna ná *Your Ireland*, agus táthar ag moladh dánta ar théamaí 1916 don chomórtas reacaireachta uile-oileáin, *Poetry Aloud*.

## Film
## Scannáin

**Is there a budding Neil Jordan in your school? Primary schools are invited to produce a short film based on any aspect of 1916, with prizes awarded to two winning schools as part of the Film in School awards.**

An bhfuil an chéad Neil Jordan eile i do scoil-se? Tugtar cuireadh do bhunscoileanna scannán gearr a dhéanamh bunaithe ar aon ghné de 1916, agus bronnfar duaiseanna ar dhá scoil mar chuid de ghradaim Scannáin sna Scoileanna.




# *Remember*
# Cuimhnigh
# *Reflect*
# Smaoinigh
# *Reimagine*
# Samhlaigh



**Schools Programme**
**Clár Scoile**

ÉIRE | IRELAND 1916 2016

EducationProg_Scol_Concertina_02.indd 1-4 28/09/2015 13:39

**2016** is a very important year in our history. Next year we will mark the centenary of the 1916 Easter Rising, a key moment on Ireland's path to independence, with a unique and exciting programme.

The Ireland 2016 Centenary Programme is an invitation to everyone, of all ages, to join in a year of commemoration, conversation and exploration. Throughout the year, you will have the opportunity to take part in a whole range of exciting projects and activities, beginning with the events of 1916 right through to exploring what you want for Ireland in the future.

Whether it is creating a brilliant art piece, drafting a new proclamation for your school or discovering your family's hidden stories from 1916, this is a once in a century invitation for you to get involved, take part and help us to make this a special moment in Ireland's history.

This programme has been developed in partnership with the Department of Education and Skills.

Further information on the Ireland 2016 Centenary Programme is available at www.ireland.ie with specific details about educational initiatives and additional resources for teachers and students available at www.scoilnet.ie during 2015-16.

Is bliain an-tábhachtach inár stair í 2016. Ar an bhliain seo chugainn beidh muid ag comóradh cuimhneachán céad bliain Éirí Amach 1916, tráth cinniúnach i dtriail na hÉireann ar an neamhspleáchas, le clár uathúil spreagúil.

Is cuireadh é Éire 2016: Clár Comórtha Céad Bliain chuig chuile dhuine, idir óg is aosta, bheith páirteach linn i mbliain ina mbeidh muid ag comóradh, ag plé agus ag scrúdú. Beidh deis agat ar feadh na bliana páirt a ghlacadh i raon leathan tionscadal agus gníomhaíochtaí spreagúla, ag tosnú le himeachtaí 1916 agus ag bogadh ar aghaidh go dtí do mhianta do thodhchaí na hÉireann.

Cibé acu a ndéanfaidh tú saothar iontach ealaíne a chruthú, forógra nua a dhréachtú do do scoil nó scéalta ó 1916 a aimsiú faoi do theaghlach, is deis nach dtagann ach uair sa chéad é seo chun páirt a ghlacadh agus cuidiú linn tráth speisialta a chruthú i stair na hÉireann.

Rinneadh an clár seo a fhorbairt i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Scileanna.

Tá tuilleadh eolais maidir le hÉire 2016: Clár Comórtha Céad Bliain ar fáil ag www.ireland.ie agus tá eolas mionsonraithe faoi thionscnaimh oideachais agus acmhainní breise do mhúinteoirí agus mic léinn ar fáil ag www.scoilnet.ie i rith 2015-16.

www.ireland.ie

## The National Flag
## An Bhratach Náisiúnta

Did you know that our national flag – the tricolour of green, white and orange – was designed by US Army General Thomas Francis Meagher in 1848 and was first flown in Waterford? The 1916 centenary year is a unique opportunity to discover the origin of our national emblem, why these colours were chosen and what they signify for us today. To mark this special occasion, every primary and special school in the country will be presented with a specially made flag, delivered by members of our Defence Forces. Secondary schools will receive a flag at a special ceremony next year, in conjunction with the Thomas Meagher Foundation. We have also developed a special online resource pack on the flag and our other national symbols which will be made available to schools.

An raibh a fhios agat gurb é Thomas Francis Meagher, Ginearál in Arm na Stáit Aontaithe, a dhear ár mbratach trí dhath náisiúnta sa bhliain 1848 agus gurb i bPort Lairge a cuireadh ar foluain í den chéad uair? Is deis uathúil é cuimhneachán céad bliain 1916 chun foghlaim faoi bhunús ár suaitheantais náisiúnta, an fáth gur roghnaíodh na dathanna sin agus an chiall atá leo sa lá atá inniu ann. Leis an ócáid speisialta seo a chomóradh, bronnfar bratach, a rinneadh go speisialta agus a bheidh seachadta ag baill d'Óglaigh na hÉireann, ar gach bunscoil agus scoil speisialta sa tír. Gheobhaidh na meánscoileanna bratach ag searmanas speisialta an bhliain seo chugainn, i gcomhar le Fondúireacht Thomas Meagher. Tá pacáiste acmhainní ar líne speisialta curtha le chéile againn freisin maidir leis an mbratach agus ár siombailí náisiúnta eile, a chuirfear ar fáil do na scoileanna.



www.scoilnet.ie

ÉIRE 2016: CLÁR SCOILE

## Proclamation for a New Generation
## Forógra do Ghlúin Nua

At four minutes past noon on Easter Monday, April 24th 1916, Padraig Pearse read the Proclamation of the Republic outside the GPO on Dublin's Sackville Street, now O'Connell Street. This was a pivotal moment in our history which still resonates strongly today. The Proclamation remains an important and influential manifesto for a new republic. Every primary and post-primary school is invited to write a new Proclamation, of up to 600 words, which reflects the values, ideals and hopes of the Generation of 2016. Each school may choose to write one for the whole school or each class can create their own Proclamation.

Ag ceithre nóiméad tar éis meánlae Luan Cása, an 24 Aibreán 1916, léigh Pádraig Mac Piarais amach Forógra na Poblachta taobh amuigh d'Ard-Oifig an Phoist ar Shráid Saicbhill, Sráid Uí Chonaill sa lá atá inniu ann, i mBaile Átha Cliath. Ba thráth cinniúach inár stair é, ceann lena bhfuil dáimh láidir againn go fóill. Is forógra tábhachtach do phoblacht nua é fiú sa lá atá inniu ann, agus ceann a bhfuil tionchar nach beag aige. Tá cuireadh ag gach bunscoil agus iar-bhunscoil Forógra nua a chumadh, suas le 600 focal ar fad, ina léirítear luachanna, idéil agus mianta Ghlúin 2016. Is féidir le gach scoil ceann a scríobh don scoil uile nó d'fhéadfadh gach rang a Fhorógra féin a chumadh.

## Ancestry Project
## Tionscadal Sinsearachta

Where was your family in 1916? Were they involved in the Easter Rising or were they across the world, unaware of the events happening in Ireland? You can find out in 2016. Play the role of detective and trace your family tree, discover the secret histories and untold stories of your parents and grandparents. Find out what was happening in your local community in 1916 and embark on a trail of discovery using the resources of our national cultural institutions. The Schools Collection will provide you with another opportunity to be a historical detective and feed in your local history, or what you have discovered through other projects, to a central platform.


Cá raibh do theaghlach in 1916? An raibh baint acu le hÉirí Amach na Cásca nó an raibh siad ar an taobh eile den domhan, gan eolas ar bith acu ar an méid a bhí ag titim amach in Éirinn? Is féidir leat é sin a fháil amach in 2016. Lig ort féin gur bleachtaire thú agus déan do chraobh ginealaigh a rianú, aimsigh stair rúnda agus scéalta ceilte do thuismitheoirí agus seantuismitheoirí. Faigh amach cad a bhí ag tarlú i do phobal áitiúil sa bhliain 1916 agus tabhair faoi aistear taiscéalaíochta trí úsáid a bhaint as acmhainní ár bhforais chultúrtha náisiúnta. Le Bailiúchán na Scoileanna beidh deis eile agat bheith i do bhleachtaire staire agus stair do cheantair áitiúil, nó cibé atá foghlamtha agat trí thionscadail eile, a chur ar fáil ar ardán lárnach.

## Proclamation Day
## Lá an Fhorógra

Date for your diary! Tuesday 15th March 2016 is Proclamation Day. This is the moment when every school in the country is invited to share the results of their 'Proclamation for a New Generation', and all other creative projects relating to 1916 that the student body have developed. The day will begin with a raising of the flag, followed by a reading of the Proclamation. Students will then have an opportunity to share ideas, showcase their creative work, whether it is a theatre, dance, visual art or spoken word piece, and celebrate this unique moment, together, as a nation.

Breac síos i do dhialann é seo! Is Lá an Fhorógra é Dé Máirt, an 15 Márta 2016. Seo an lá nuair a roinnfidh gach scoil sa tír a 'Forógra do Ghlúin Nua', chomh maith le gach tionscadal cruthaitheach eile bainteach le 1916 atá forbartha ag na mic léinn. Cuirfear tús leis an lá nuair a ardófar an bhratach agus canfar Amhrán na bhFiann, agus ina dhiaidh sin beidh lá oscailte ann do thuismitheoirí, múinteoirí, cairde agus mic léinn lena gcuid smaointe a roinnt, a gcuid oibre cruthaithí a chur ar taispeáint, cibé acu is píosa amharclannaíochta, damhsa, amharc-ealaíne nó focail labhartha í, agus an nóiméad uathúil seo a cheiliúradh le chéile, mar náisiún.

www.scoilnet.ie




EducationProg_5col_Concertina_02.indd 5-8
28/09/2015 13:39